# 16 Úsáid sonraí fíor-ama na gCoimisinéirí Ioncaim i measúnuithe acmhainne agus ioncaim don leas sóisialach

**16.1** Thabhaigh an Roinn Coimirce Sóisialaí (an Roinn) caiteachas ar scéimeanna leasa shóisialaigh arbh fhiú €24.2 billiún é in 2023, a maoiníodh tríd an Vóta ar son Coimirce Shóisialach (Vóta 37) agus an Ciste Árachais Shóisialaigh (CÁS).  €12.1 billiún a bhí sa chaiteachas ar scéimeanna cúnaimh shóisialta, méid arbh ionann é agus díreach os cionn leath den chaiteachas iomlán ar leas sóisialach.[1]

**16.2** Maoinítear os cionn 40 scéim cúnaimh shóisialta le Vóta 37. Déantar measúnú acmhainne don chuid is mó de na scéimeanna cúnaimh shóisialta, agus braitheann incháilitheacht ar acmhainní airgeadais an éilitheora agus, uaireanta, ar acmhainní airgeadais céile, páirtnéara shibhialta, comhchónaitheora nó cleithiúnaí freisin.

**16.3** Chuir Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim (na Coimisinéirí Ioncaim) tionscadal le haghaidh nuachóiriú cánach ioncaim 'íoc mar a thuillir' (ÍMAT) i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Eanáir 2019.  Tugann sé sin deis d'fhostóirí faisnéis an phárolla a thuairisciú do na Coimisinéirí Ioncaim gach uair a íocann siad a bhfostaithe. Leis an tionscadal nuachóirithe, cuireadh deireadh leis an ngá le roinnt tuairisceáin thréimhsiúla a bhain le párolla a chur chuig na Coimisinéirí Ioncaim.[2]

**16.4** Forbraíodh córas Cuardaigh Fíor-Ama (CFA) na gCoimisinéirí Ioncaim ar dtús chun deis a thabhairt do bhaill foirne na Roinne rochtain a fháil ar fhaisnéis faoi scor fostaíochta a bhíodh le fáil ar fhoirm P45 an éilitheora roimhe sin. Tá forbairt tagtha ar na cuspóirí ar chun a gcríoch a úsáideann an Roinn sonraí CFA. Trí CFA a úsáid, is féidir le baill foirne na Roinne rochtain a fháil ar fhaisnéis fíor-ama an phárolla chun faisnéis a chuireann éilitheoirí ar fáil a fhíorú, chun cuidiú le measúnú a dhéanamh ar incháilitheacht do scéim.

**16.5** Rinneadh an scrúdú sin chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá an Roinn ag baint an leas is fearr is féidir as faisnéis fíor-ama ó na Coimisinéirí Ioncaim nó nach bhfuil, chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht an phróisis measúnaithe acmhainne a chinntiú agus chun an t-ualach ar éilitheoirí a laghdú.  Rinne an fhoireann imscrúdúcháin athbhreithniú ar phríomhdhoiciméid agus ar phríomhshonraí a sholáthair an Roinn, chuir sí baill foirne ábhartha na Roinne faoi agallamh agus rinne sí anailís ar shonraí.

## Scéimeanna coimirce sóisialaí faoi réir measúnú acmhainne

**16.6** Déanann an Roinn líon mór measúnuithe acmhainne gach bliain le haghaidh éilimh nua, athnuachaintí éileamh agus athbhreithnithe ar éilimh. Tugadh thart ar 405,000 measúnú acmhainne chun críche in 2023.[3, 4]

**16.7** Díríonn an t-athbhreithniú seo ar chúig scéim a ndéantar rochtain orthu trí phróiseas measúnaithe acmhainne (féach Fíor 16.1). Le chéile, b'ionann iad agus 43% den chaiteachas ar chúnamh sóisialta in 2023. Tá rialacha sonracha ag gach scéim faoin méid agus faoin gcineál ioncaim is féidir neamhshuim a dhéanamh díobh (nó iad a fhágáil ar lár) sa mheasúnú acmhainne.  Baintear úsáid as critéir incháilitheachta a bhaineann le scéimeanna ar leith freisin chun a chinneadh cé acu atá iarratasóirí incháilithe don scéim nó nach bhfuil.

1 Maoinítear scéimeanna cúnaimh shóisialta tríd an Vóta go príomha agus is íocaíochtaí faoi réir measúnú acmhainne iad go hiondúil.  Bunaítear scéimeanna CÁS ar árachas sóisialta, agus bunaítear na sochair dhlite ar ranníocaíochtaí ÁSPC taifeadta an éilitheora.

2 Leis an nuachóiriú ar ÍMAT, cuireadh deireadh leis an ngá le tuairisceáin ráithiúla (P30) agus bhliantúla (P35) ar fhaisnéis an phárolla agus le tuairisceáin a léiríonn scor fostaíochta (P45).

3 Rinneadh 74,000 measúnú breise ar ioncam don scéim um Íocaíocht do Theaghlaigh i bhFostaíocht.  Ní áirítear sócmhainní caipitil ná coigiltis sa tástáil acmhainne don scéim sin. Bunaítear í ar ioncam inmheasúnaithe agus sin amháin.

4 Ní dhéanann an Roinn monatóireacht ná tuairisciú ar an tsuim sin agus is é an meastachán is fearr ar leibhéal gníomhaíochta an mheasúnaithe acmhainne don bhliain é.

**Fíor 16.1 Forléargas ar shampla de scéimeanna faoi réir measúnú acmhainne**

| Ainm agus costas na scéime in 2023 | Príomhchritéir incháilitheachta | Neamhshuim d'ioncam fostaíochta | Faoi réir measúnú acmhainne | Íocaíochtaí breise |
|---|---|---|---|---|
| **Pinsean Stáit (Neamhranníocach)**<br>€1,229 milliún | 66 bliain d'aois agus os a chionn sin.<br>Ní cháilíonn d'íocaíocht phinsin Stáit (ranníocach). | Suas le €200 in aghaidh na seachtaine.<br>Féadfaidh céile, páirtnéir sibhialta nó comhchónaitheoir an éilitheora suas le €200 in aghaidh na seachtaine a thuilleamh freisin. | Ní dhéanann an chéad €30 den acmhainn in aghaidh na seachtaine difear don ráta cúnaimh shóisialta a íoctar.<br>I ndiaidh an chéad €30, cuirtear laghdú €2.50 le haghaidh gach €2.50 acmhainne i bhfeidhm ar an méid is iníoctha. | Féadtar ráta méadaithe a chur ar fáil do chleithiúnaí fásta de chuid an éilitheora.[a]<br>Féadtar ráta méadaithe a chur ar fáil do leanbh cleithiúnach cáilithe freisin. |
| **Liúntas Cuardaitheora Poist**<br>€1,823 milliún | Dífhostaithe ceithre lá as aon seacht lá as a chéile.[b]<br>Ní cháilíonn don liúntas cuardaitheora poist. | Féadfaidh éilitheoirí a bheith ag obair suas le trí lá in aghaidh na seachtaine ar a mhéid.<br>Ríomhtar an tuilleamh inmheasúnaithe seachtainiúil mar 60% den mhéid a thuilltear, lúide asbhaint €20 le haghaidh gach lá a oibrítear (suas le huasmhéid €60). | Asbhaintear acmhainn iomlán teaghlaigh ón uasíocaíocht a bhaineann leis an éilitheoir, rud a thugann an méid atá le híoc. | Tá rátaí méadaithe iníoctha i ndáil le duine fásta cáilithe agus/nó leanbh cleithiúnach cáilithe. |
| **Íocaíocht doTheaghlaigh Aontuismitheora**<br>€680 milliún | Cúram a thabhairt do leanbh nó leanaí gan tacaíocht ó pháirtnéir.<br>Tá leanbh amháin ar a laghad faoi bhun seacht mbliana d'aois.[c] | Déantar neamhshuim de €165 den olltuilleamh seachtainiúil sa mheasúnú acmhainne agus measúnaítear leath den iarmhéid mar acmhainn. | Ní dhéanann an chéad €7.60 den acmhainn in aghaidh na seachtaine difear don ráta cúnaimh shóisialta a íoctar. I ndiaidh an mhéid sin, cuirtear laghdú €2.50 le haghaidh gach €2.50 acmhainne i bhfeidhm ar an méid is iníoctha. | Ráta méadaithe le haghaidh gach leanbh ábhartha. |
| **Liúntas do Chúramóirí**<br>€1,082 milliún | Cúram agus aird lánaimseartha a thabhairt do dhuine atá 16 bliana d'aois nó os a chionn sin. | Déantar neamhshuim de €350 den ollioncam seachtainiúil le haghaidh duine singil.<br>€750 den ioncam comhcheangailte do dhaoine atá pósta, i bpáirtnéireacht shibhialta nó ag comhchónaí. | Ní dhéanann an chéad €7.60 den acmhainn in aghaidh na seachtaine difear don ráta cúnaimh shóisialta a íoctar. I ndiaidh an mhéid sin, cuirtear laghdú €2.50 le haghaidh gach €2.50 acmhainne i bhfeidhm ar an méid is iníoctha. | Má tá cúramóir ag tabhairt cúram agus aird lánaimseartha do níos mó ná duine amháin, cuirtear méadú 50% ar a mhéad ar an ráta. Cuirtear méadú ar an íocaíocht i gcás leanbh cleithiúnach cáilithe freisin. |
| **Íocaíocht do Theaghlaigh i bhFostaíocht**<br>€392 milliún | I mbun fostaíocht lánaimseartha chúititheach, i.e. oibríonn ar feadh 38 uair an chloig nó níos mó in aghaidh na coicíse a bhfuil coinne leis go mairfidh sí trí mhí ar a laghad.<br>Leanbh cáilithe amháin ar a laghad a bheith ag an tuismitheoir. | Iníoctha ag 60% den difríocht idir an teorainn ioncaim shocraithe do mhéid teaghlaigh ar leith agus ioncam seachtainiúil an teaghlaigh. Cinntear méid an teaghlaigh leis an líon leanaí cáilithe. | €20 in aghaidh na seachtaine ar a laghad. Braitheann an méid ar theorainneacha socraithe bunaithe ar mhéid an teaghlaigh. | N/B |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí, treoirlínte oibríochtúla le haghaidh gach scéime

Nótaí:
a Ciallaíonn cleithiúnaí fásta céile, páirtnéir sibhialta nó comhchónaitheoir an éilitheora atá ag fáil tacaíocht airgeadais ón éilitheoir go hiomlán nó go príomha.

b Ní mheastar duine a bheith dífhostaithe i ndáil le haon lá a bhfuil sé/sí ag obair faoi chonradh fostaíochta (i scríbhinn nó eile) nó a bhfuil pá á fháil aige/aici. Má tá duine ag obair trí lá in aghaidh na seachtaine nó níos lú ná sin, d'fhéadfadh sé/sí a bheith i dteideal Liúntas Cuardaitheora Poist do na laethanta eile.

c Tá roinnt eisceachtaí ón teorainn aoise ann, i gcás ina bhfaigheann an t-éilitheoir liúntas cúraim baile, liúntas cúramóra ar leathráta nó pinsean na ndall, nó tar éis do chéile, do pháirtnéir nó do pháirtnéir sibhialta bás a fháil.

**16.8** Is céim thábhachtach é an measúnú acmhainne san iarratas ar éileamh agus sa phróiseas athnuachana. Má thagann athrú ar acmhainn éilitheora le himeacht ama, féadfaidh sé sin athrú a chur ar an teidlíocht don mhéid tacaíochta incháilithe freisin. Mura ríomhtar acmhainn i gceart, nó mura dtugtar cothrom le dáta í go tráthúil, d'fhéadfadh ró-íocaíocht nó ganníocaíocht don éilitheoir a bheith mar thoradh air sin.

**16.9** Tugann an Roinn faoi chlár suirbhéanna ar íocaíochtaí scéime chun an líon íocaíochtaí iomarcacha atá á dhéanamh agus an fáth a bhfuil sé sin á dhéanamh a dheimhniú. Mar shampla, foilsíodh suirbhé rialaithe ar an Liúntas Cuardaitheora Poist i mí an Mhárta 2024 agus as ráta ró-íocaíochta iomlán a sainaithníodh mar 8.3% den chaiteachas, ba í acmhainn mhícheart an rud ba mhó a chuir leis sin, ag 4.3%.[1]

## Rochtain ar fhaisnéis fíor-ama ó na Coimisinéirí Ioncaim

**16.10** Tá struchtúir agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn a rialaíonn an rochtain atá aici ar an gcóras CFA agus an úsáid a bhaineann sí as.

### *An comhaontú um chomhroinnt sonraí*

**16.11** Tá comhaontú foirmiúil um chomhroinnt sonraí i bhfeidhm idir an Roinn agus na Coimisinéirí Ioncaim chun comhroinnt sonraí pearsanta idir na comhlachtaí sin a rialú i ndáil le bainistiú, riar agus/nó oibriú éifeachtach na gcóras cánach agus leasa shóisialaigh, agus feidhmeanna reachtúla áirithe eile. Luaitear sa chomhaontú go bhféadtar sonraí a chomhroinnt idir na páirtithe 'chun críocha a thacaíonn le soláthar seirbhísí don phobal i gcomhréir le feidhmeanna agus freagrachtaí reachtúla gach páirtí'.

**16.12** Liostaítear na feidhmeanna agus freagrachtaí ábhartha sa chomhaontú, ina measc

- an córas leasa shóisialaigh a riar, sochair agus cúnamh a íoc agus seirbhísí leasa shóisialaigh a chur ar fáil.
- soláthar éifeachtach agus éifeachtúil seirbhísí comhtháite a dhírítear ar chustaiméirí ag an dá pháirtí a chothabháil, a fheabhsú agus tacú leo trí athúsáid agus próiseáil na sonraí pearsanta a bhailíonn gach páirtí.

Cuimsítear próiseas measúnaithe acmhainne na Roinne go sainráite i dtéarmaí an chomhaontaithe.[2]

**16.13** Tá sceideal ar leithligh leis an gcomhaontú um chomhroinnt sonraí ina leagtar amach ar bhealach níos mionsonraithe na cásanna ina n-aistrítear sonraí pearsanta idir an dá chomhlacht. Déantar tagairt shonrach sa sceideal d'aistriú sonraí tríd an tsaoráid fíor-ama agus áirítear ann liosta de na míreanna sonraí beachta (e.g. dáta tosaigh agus dáta deiridh fostaíochta, pá comhlán, aicme ÁSPC agus ÁSPC íoctha) a fhéadtar a aistriú, minicíocht an aistrithe sin agus an bonn reachtúil.[3]

### *Comhaontú seirbhíse*

**16.14** Tá Comhaontú Seirbhíse teicniúil ann idir an Roinn agus na Coimisinéirí Ioncaim freisin, lena dtugtar breac-chuntas ar chineál an chaidrimh idir an dá chomhlacht agus an tacaíocht theicniúil atá ar fáil i ndáil leis an tseirbhís fíor-ama, an Comhéadan Feidhmchláir (API). Tugann an Comhaontú Seirbhíse mionsonraí faoin líon idirbheart a fhéadtar a éascú, na hamanna is fearr maidir le hinfhaighteacht na seirbhíse agus an t-aga freagartha ionchasach le haghaidh na n-iarrataí a dhéantar (féach Fíor 16.2).

1 Féach *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhíse Poiblí 2023*, caibidil 13, Rialtacht na n-íocaíochtaí leasa shóisialaigh.

2 Leagtar amach an bonn reachtúil le comhroinnt sonraí sa chomhaontú freisin: an tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005; an tAcht Comhdhlúite Cánacha 2007; an tAcht um Chosaint Sonraí 2018, an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (AE) 2016/679; agus an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i Réimse Fhorfheidhmiú an Dlí (AE) 2016/680.

3 Ní fhéadfaidh baill foirne na Roinne rochtain a fháil ar fhaisnéis ach amháin sna catagóirí luaite. Má theastaíonn aon fhaisnéis bhreise, ní mór cás gnó a ullmhú agus a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim lena bhreithniú.

**Fíor 16.2 Comhaontú seirbhíse — príomhghnéithe**

| | |
|---|---|
|  | ▪ Féadfaidh seirbhís API suas le 8,000 cuardach in aghaidh an lae le linn uaireanta gnó a éascú.[a] |
|  | ▪ Is iad Luan go hAoine, 8r.n. – 9i.n. agus Satharn 9r.n. – 4i.n. na huaireanta gnó. |
|  | ▪ Cuirfear freagra ar an iarraidh ar fáil taobh istigh de chúig shoicind. |
|  | ▪ Is féidir bulc-iarratas a rith idir 12r.n. agus 2amr.n. gach lá, rud a thacaíonn le 100,000 cuardach.<br>▪ Is féidir bulc-iarratas faoin Íocaíocht Dífhostaíochta Paindéime (PUP) a rith idir 9.35i.n. agus 9.55i.n. (Luan go hAoine), rud a éascaíonn 16,000 cuardach. |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí, an Comhaontú Seirbhíse Teicniúil

Nóta: a Tagraíonn cuardaigh d'fhaisnéis a ghlaoch isteach mar thoradh ar iarratas nó iarraidh a sheoltar chuig an gcóras.

**16.15** Ní dhéanann an Roinn monatóireacht ná rianú ar an úsáid a bhaineann sí as an gcóras CFA in aghaidh théarmaí an Chomhaontaithe Seirbhíse. Thug an fhoireann imscrúdúcháin ar aird ó agallaimh a rinneadh le baill foirne na Roinne agus na gCoimisinéirí Ioncaim nach gcuirtear aon bhac ná foláireamh uathoibríoch i bhfeidhm má sháraítear an úsáid sin. Leagtar amach sa Chomhaontú Seirbhíse an leibhéal seirbhíse a fhéadann na Coimisinéirí Ioncaim a ráthú don Roinn sula bhféadfaí difear a dhéanamh do cháilíocht na seirbhíse. Féadtar fadhbanna a phlé mar chuid de na gnáthchruinnithe a thionóltar idir na comhlachtaí, agus féadtar aon eachtra maidir le seirbhís theicniúil a tharraingt anuas trí dheasc chabhrach a oibríonn na Coimisinéirí Ioncaim.

**16.16** Ón taobh teicniúil de, féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim monatóireacht a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as an gcóras CFA lena chinntiú go bhfuil an tseirbhís á feidhmiú i gceart. Tá faisnéis le fáil faoin líon idirbheart a rinne an Roinn le linn na tréimhse 12 mhí roimhe sin agus faoin aga freagartha laethúil. Níl tuairisciú tráthrialta faoin úsáid i bhfeidhm, áfach, agus níor iarr an Roinn faisnéis faoin úsáid ar na Coimisinéirí Ioncaim.

**16.17** Déantar soláthar leis an gComhaontú Seirbhíse go bhféadtar tacú le thart ar 42 milliún cuardach ar an CFA ar bhonn bliantúil.[1] Fuair an fhoireann imscrúdúcháin mionsonraí faoin líon cuardach a rinneadh sa tréimhse ón 1 Aibreán 2023 go dtí an 31 Márta 2024. Rinneadh 20.7 milliún cuardach le linn na tréimhse sin, líon atá i bhfad laistigh den leibhéal iomlán seirbhíse a ráthaítear sa Chomhaontú Seirbhíse, agus a léiríonn go bhfuil acmhainneacht shuntasach le fáil faoin gcomhaontú reatha chun freastal ar aon ardú riachtanach ar úsáid.

**16.18** Bhí athbhreithniú le déanamh ar an gComhaontú Seirbhíse i mí an Mhárta 2022 ach dealraítear nach ndearnadh é, agus tá an Comhaontú Seirbhíse ó mhí an Mhárta 2021 fós i bhfeidhm amhail mhí an Mheithimh 2024.[2] Chuir an Roinn in iúl go bhfuil Comhaontú Seirbhíse nua á chaibidil faoi láthair agus go dtabharfar cothrom le dáta é chun athruithe agus tuilleadh forbairtí a chur san áireamh.

1 Cuirtear faisnéis áirithe eile ar fáil don Roinn lasmuigh den CFA, mar shampla fógraí tráthrialta faoi athruithe maidir le tosú agus scor fostaíochta. Tá sé sin leagtha amach sa chomhaontú um chomhroinnt sonraí.

2 Luaitear sa Chomhaontú Seirbhíse gur cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an gcomhaontú uair amháin ar a laghad le linn na bliana fioscaí. Déantar soláthar ann freisin, áfach, go bhfanfaidh an comhaontú reatha i bhfeidhm i gcás nach ndéantar athbhreithniú.

**16.19** Bíonn caidreamh tráthrialta ag an Roinn leis na Coimisinéirí Ioncaim faoi chomhroinnt sonraí, trí ghrúpaí agus fóraim éagsúla (féach Fíor 16.3). Féadtar aon fhadhbanna seirbhíse maidir le húsáid CFA a phlé ag na cruinnithe sin agus breithníonn na grúpaí aon fhorbairtí eile a bhíonn de dhíth.

**Fíor 16.3 Meithleacha na Roinne agus na gCoimisinéirí Ioncaim**

**Grúpa Ardleibhéil**

- Cruinniú ráithiúil i measc na mbainisteoirí sinsearacha.
- Roinnt meithleacha tiomnaithe curtha ar bun, ina measc
  - Fóram gnólacht le gnólacht: chun cúrsaí beartais agus feidhmithe a phlé ar bhonn míosúil.
  - Cruinniú teicniúil: cruinniú coicísiúil i measc na bhfoirne teicniúla chun comhroinnt

**Comhghrúpa Ailtireachta**

- Cruinniú ráithiúil i measc na mbainisteoirí teicniúla sinsearacha.
- Cuid de na grúpaí malairte faisnéise agus sonraí faoin gcomhaontú um chomhroinnt

**Bord Tionscadail ÍMAT**

- Is comhalta buan de Bhord Tionscadail ÍMAT na gCoimisinéirí Ioncaim í an Roinn.
- Déanann an Bord formhaoirsiú ar thionscadail theicniúla agus seirbhísí ÍMAT agus tuairiscíonn sé d'Fheidhmeannas TF na gCoimisinéirí Ioncaim.

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus an Roinn Coimirce Sóisialaí

## Úsáid CFA ar bhonn measúnaithe acmhainne aonair

**16.20** Tá treoir eisithe ag an Roinn don fhoireann faoi úsáid CFA le haghaidh na scéimeanna ábhartha ar fad. Ceanglaítear leis an treoir nach mór cuspóir dlisteanach gnó a bheith ann chun CFA a úsáid chun faisnéis faoi éilitheoirí a fháil.[1] Cumasaítear leis sin CFA a úsáid

- chun faisnéis a fhíorú chun tacú le hiarratas éilitheora ar aon íocaíocht ón Roinn, nó ar íocaíocht leanúnach.
- chun faisnéis a fhíorú faoin éilitheoir agus faoina c(h)leithiúnaí/c(h)leithiúnaithe lena chinneadh cé acu atágá le hathbhreithniú a dhéanamh ar éileamh maidir le híocaíocht nó nach bhfuil.

**16.21** Má tá na mionsonraí ar CFA difriúil leis na mionsonraí a chuirtear ar fáil don Roinn, is féidir tús a chur le hathbhreithniú nó íocaíocht a chur ar fionraí. Ní dhéanfar cinneadh chun íocaíocht a laghdú nó a stopadh ar bhonn sonraí CFA agus sin amháin, de ghnáth. Ina ionad sin, má thugtar neamhréir i dtaobh acmhainne faoi deara, tabharfar fógra ina leith don éilitheoir agus tabharfar deis dó/di an cás a shoiléiriú.[2]

1 Cuireann córas TF na Roinne bratach le cuntas an éilitheora gach uair a sheiceáiltear an CFA. Déantar am agus dáta na rochtana a thaifeadadh, chomh maith le hainm an bhaill foirne de chuid na Roinne a rinne rochtain ar na sonraí.


2 Tá gach custaiméir i dteideal go mbreithneofaí a n-éileamh i gcomhréir le prionsabail an cheartais aiceanta agus bunreachta agus i gcomhthéacs cinntí faoi theidlíocht faoin reachtaíocht leasa shóisialaigh.

### *Measúnú ar úsáid CFA ar bhonn scéim aonair*

**16.22** Maidir le gach ceann de na cúig scéim a roghnaíodh chun athbhreithniú a dhéanamh orthu, rinne an fhoireann imscrúdúcháin athbhreithniú ar threoirlínte um nósanna imeachta agus chuir sí foireann na Roinne faoi agallamh chun measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a raibh CFA mar chuid den phróiseas measúnaithe acmhainne ar scéimeanna. Bhí fianaise ann go raibh CFA corpraithe i ndoiciméid ábhartha faoi nósanna imeachta inmheánacha agus in ábhar oiliúna don fhoireann.

**16.23** Rinne an fhoireann imscrúdúcháin tástáil ar shampla d'éilitheoirí ó gach scéim a raibh íocaíocht á fáil acu chun an méid úsáide a bhí á baint as CFA mar chuid den phróiseas measúnaithe acmhainne a fháil amach. Mar chuid den tástáil bhí cé acu a rinneadh seiceáil ar CFA don éilitheoir agus don chéile, don pháirtnéir sibhialta nó don chomhchónaitheoir i gcás inarbh ábhartha nó nach ndearnadh (féach Fíor 16.4).

**Fíor 16.4 Úsáid CFA — torthaí na tástála samplaí**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Áirítear le céile páirtnéir sibhialta nó comhchónaitheoir. Rinneadh tástáil ar na cásanna sin i gcás inarbh ábhartha. Níl tástáil den sórt sin de dhíth don Íocaíocht do Theaghlaigh Aontuismitheora.

**16.24** Fuair an fhoireann imscrúdúcháin go ndealraítear gur úsáideadh CFA le níos mó comhsheasmhachta i réimsí scéimeanna áirithe níos mó ná i réimsí eile. Mar shampla, bhí fianaise ann go raibh CFA á sheiceáil le linn an mheasúnaithe acmhainne i ngach ceann de na cásanna maidir le hÍocaíocht do Theaghlaigh i bhFostaíocht a ndearnadh athbhreithniú orthu (deich gcás) le hais 21% de na cásanna maidir le hÍocaíocht do Theaghlaigh Aontuismitheora (trí chás ó 14 a ndearnadh athbhreithniú orthu). Dúirt an Roinn go léiríonn sé sin go mór go ndéantar athbhreithniú ar gach éileamh ar Íocaíocht do Theaghlaigh i bhFostaíocht gach bliain agus toisc go mbíonn post ag na daoine a fhaigheann Íocaíocht do Theaghlaigh i bhFostaíocht, tá sonraí CFA ar fáil i ngach cás.

**16.25** Thug an Roinn roinnt mínithe maidir leis na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith ag an oifigeach breithiúnachta gan CFA a sheiceáil i roinnt cásanna. Mar shampla, ní dhéanfaí seiceáil má tá cónaí ar éilitheoir an phinsin Stáit i dteach altranais agus/nó murar fhógair sé/sí aon fhoinse ioncaim eile nó mura raibh aon stair ranníocaíochtaí aige/aici ar feadh tréimhse fhada. Toisc nach ndéantar taifead ar an mbunús leis an gcinneadh gan CFA a úsáid mar chuid den tasc measúnaithe acmhainne ar an gcóras, áfach, ní fhéadfadh an fhoireann imscrúdúcháin a mheasúnú cé acu a bhí cúiseanna bailí ann nár seiceáladh na cásanna nó nach raibh.

**16.26** Baineann foireann na Roinne úsáid as CFA chomh maith chun a shainithint cé acu atá difear idir an t-ioncam dearbhaithe ón bhfostaíocht agus an t-ioncam atá taifeadta ag na Coimisinéirí Ioncaim nó nach bhfuil. Tá roinnt mhaith rialacha incháilitheachta scéime eile le cur san áireamh, áfach, chun a fháil amach cé acu a d'éirigh leis an éilitheoir sa tástáil acmhainne nó nár éirigh. Oifigeach breithiúnachta sa Roinn a dhéanann athbhreithniú ar an gcás agus a dhéanann an cinneadh.[1] Fuair an fhoireann imscrúdúcháin amach nach féidir an tionchar a bhíonn ag an tseiceáil CFA ar mheasúnú acmhainne ar leith a dhearbhú go héasca ón bhfaisnéis atá ar taifead.

1 Is baill foirne de chuid na Roinne iad na hoifigigh breithiúnachta a dtugtar an chumhacht dóibh leis an Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005 arna leasú agus le reachtaíocht leasa shóisialaigh eile chun glacadh le héilimh ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh nó chun diúltú dóibh.

**Fíor 16.5 Íocaíocht do Theaghlaigh i bhFostaíocht — athnuachan uathoibríoch bunaithe ar CFA**

| | |
|---|---|
| **Sonraí na scéime** | Is scéim measta ioncaim 52 seachtain í an scéim seo. Socraítear an ráta íocaíochta san iarratas agus íoctar ar feadh 52 seachtain é.[a]<br><br>Is féidir le héilitheoirí cur isteach ar athnuachan ag deireadh na tréimhse 52 seachtain. |
| **Comhtháthú le CFA** | Ón mbliain 2021, tá an scéim á bainistiú ar an ardán TF céanna a óstálann an t-iarratas CFA. Cruthaíonn sé sin an deis an scéim agus CFA a chomhtháthú a thuilleadh. |
| **Seiceálacha uathoibríocha athnuachana** | Dearbhaíonn na rialacha atá tógtha isteach sa chóras TF d'athnuachaintí don Íocaíocht do Theaghlaigh i bhFostaíocht go huathoibríoch<br>▪ nach raibh aon athrú ar fhostaíocht an éilitheora<br>▪ go bhfuil ioncam an éilitheora laistigh na suime inlamhála don ioncam saothraithe sa bhliain roimhe sin.[b]<br><br>Má shásaíonn an cás na seiceálacha sin, is féidir an t-éileamh a athnuachan go huathoibríoch. |
| **Bronntaí uathoibríocha** | Déantar athnuachan uathoibríoch ar thart ar 30% de na hiarratais athnuachana.<br><br>Déanann oifigeach breithiúnachta athbhreithniú cáilíochta ar 10% de na cásanna sin sula dtugtar aon íocaíocht.<br><br>Bronnadh 13,193 cás athnuachana go huathoibríoch in 2023.[c] |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nóta: a Ní mór don éilitheoir a chur in iúl don Roinn má chuirtear deireadh lena f(h)ostaíocht nó má oibríonn sé/sí níos lú ná 38 uair an chloig in aghaidh na coicíse, toisc gur féidir tionchar a bheith aige sin ar a t(h)eidlíocht leanúnach.

b Sonraíonn an Roinn an tsuim inlamhála don ghluaiseacht sa bhliain, agus is féidir í a athrú bunaithe ar chúinsí reatha. Le deireanaí, socraíodh an difríocht inlamhála idir ioncam na bliana roimhe agus ioncam inmheasúnaithe na bliana seo ag €50 in aghaidh na seachtaine.

c Cuirtear na rialacha seiceála uathoibríche i bhfeidhm ar éilimh nua chomh maith, agus bronnadh íocaíocht ar 1,039 éileamh go huathoibríoch in 2023. Ó mhí Feabhra 2023, ní bhronntar íocaíocht ar éilimh nua go huathoibríoch níos mó.

**16.27** Le cois an oifigigh breithiúnachta ag seiceáil CFA de láimh, is féidir freisin seiceáil uathoibríoch a dhéanamh ar an CFA. Tá an tseiceáil sin leabaithe sna hiarratais agus sna hathnuachaintí ar an scéim um Íocaíocht do Theaghlaigh i bhFostaíocht ón mbliain 2021 (féach Fíor 16.5).

## Úsáid CFA an Aonaid Anailísíochta Gnó

**16.28** Chomh maith leis an meaitseáil sonraí ag am éilimh aonair nua nó ar an athnuachan thréimhsiúil nó athbhreithniú ar éileamh aonair, úsáidtear CFA freisin chun neamhréireanna acmhainne a shainaithint mar chuid d'uathphróiseas oll-athbhreithnithe a dhéanann Aonad Anailísíochta Gnó (AAG) na Roinne.

**16.29** Déanann AAG seiceáil rialaithe ar acmhainn thaifeadta na Roinne in aghaidh na faisnéise fíor-ama do scéimeanna measúnaithe acmhainne ar leith ar bhonn tréimhsiúil, agus do chuid eile ar bhonn measúnú riosca. Mar thoradh ar na seiceálacha sin, gintear liosta na gcásanna atá le fiosrú do gach réimse scéime, agus marcáiltear ar an gcóras iad mar 'athbhreithnithe anailíse'. I bhFíor 16.6 leagtar amach sonraí na minicíochta agus an bunús measúnaithe d'anailís na scéimeanna seo.

**Fíor 16.6 Athbhreithnithe scéime an Aonaid Anailísíochta Gnó ar acmhainn, 2023**

| Scéim | Minicíocht | 2023 líon na gcásanna a sainaithníodh[a] | An bonn leis an measúnú |
|---|---|---|---|
| **Liúntas Cuardaitheora Poist** | Míosúil | 14,300 | Comparáid uathoibríoch na hacmhainne taifeadta in aghaidh CFA. |
| **Liúntas do Chúramóirí[b]** | Míosúil | 2,600 | Comparáid uathoibríoch na hacmhainne taifeadta in aghaidh CFA. |
| **Liúntas Míchumais** | Míosúil | 3,200 | Comparáid uathoibríoch na hacmhainne taifeadta in aghaidh CFA. |
| **Liúntas Leasa Forlíontach Bunúsach** | Ráithiúil | 200 | Comparáid uathoibríoch na hacmhainne taifeadta in aghaidh CFA. |
| **Cúnamh Feirme** | Míosúil | 1,100 | Riosca measta bunaithe ar rialacha na scéime |
| **Pinsean Stáit (Neamhranníocach)** | Bliantúil | 3,200 | Bliantúil: daonra bainte amach chun measúnú a dhéanamh ar theidlíocht leanúnach. |
| | Gach re mí | | Tacar sonraí féinseirbhíse ina gcruthaítear faisnéis nuashonraithe thart ar gach re mí chun athbhreithnithe a ghiniúint. |
| **Pinsean Baintrí** | Bliantúil | 14,700 | Samhail toisce riosca. I measc na rialach tá áireamh ag baint úsáid as aois agus fad an éilimh. Roghnaítear cásanna ag baint úsáid as scór an riosca iomláin trí na scóir do gach riail a chur le chéile. |
| **Pinsean Stáit (Ranníocach)** | Gach re mí | 9,500 | Samhail toisce riosca agus rialacha ar leith don scéim. Roghnaítear cásanna bunaithe ar dháta an athbhreithnithe dheireanaigh ar acmhainn, nuair a íoctar suim mhéadaithe do dhuine fásta cáilithe ar an éileamh. Roghnaítear éilimh a íoctar le seic agus custaiméirí atá os cionn 100 bliain d'aois freisin. |
| | **Iomlán** | **48,800** | |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Tá cásanna a tarraingíodh anuas in 2023 mar thoradh ar sheiceálacha uathoibríocha AAG san áireamh. Seans nár fiosraíodh na cásanna sin in 2023.

b I gcás na scéime Liúntais Cúramóra, ní chuirtear cásanna nua léi ar feadh dhá mhí sa bhliain ionas go nglantar amach aon riaráistí.

**16.30** Asbhaintear sonraí na n-éilitheoirí agus a gcleithiúnaithe cáilithe ar daoine fásta iad ó na scéimeanna measúnaithe acmhainne agus cuirtear ar chomhad iad, a ndéantar ollphróiseáil air istoíche. I gcás na gceithre scéim a ndéantar seiceáil uathoibríoch orthu in aghaidh CFA, tógtar roinnt rialacha a bhaineann go sonrach leis an scéim isteach san iarratas chun neamhréireanna acmhainne féideartha a shainaithint (féach Fíor 16.6).

**16.31** Ar an iomlán, gineadh 48,800 mír athbhreithnithe anailíse le fiosrú in 2023. Astu sin, gineadh 42% mar thoradh díreach ar sheiceálacha uathoibríocha CFA. Dúirt an Roinn go ndearnadh 32,134 fiosrúchán ar athbhreithnithe anailíse in 2023, ar taifeadadh coigiltis rialaithe de €83 milliún mar thoradh orthu.[1, 2]

**Fíor 16.7 Athbhreithniú anailíse cásanna marcáilte a sainaithníodh trí sheiceálacha uathoibríocha CFA, de réir na scéime, 2023**

| | Liúntas Cuardaitheora Poist | Liúntas do Chúramóirí | Liúntas Míchumais | Íocaíocht do Theaghlaigh Aontuismitheora[a] | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| **Meánlíon na n-éilitheoirí gach mí in 2023** | 90,500 | 95,800 | 164,000 | 42,000 | — |
| **Cásanna a osclaíodh i ndiaidh sheiceálacha CFA in 2023** | 14,300 | 2,600 | 3,200 | — | **20,100** |
| *(mar % de na gnáthéilitheoirí)* | 16% | 3% | 2% | — | — |
| **Iomlán na n-athbhreithnithe anailíse 2023[b]** | 17,801 | 2,613 | 3,387 | 1,022 | **24,823** |
| **Coigiltis rialaithe (€ milliún) in 2023 mar thoradh ar athbhreithnithe anailíse[c]** | 22.7 | 19.2 | 25.9 | 2.5 | **70.3** |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta:
a Cuireadh roinnt rialaithe ar fionraí don scéim um Íocaíocht do Theaghlaigh Aontuismitheora in 2023 toisc gur athraíodh na riachtanais measúnaithe acmhainne. Féach *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhíse Poiblí 2023*, caibidil 13, Rialtacht na n-íocaíochtaí leasa shóisialaigh.
b Áirítear leo sin cásanna a sainaithníodh ó sheiceálacha AAG roimh 2023.
c Is éard atá i gceist le coigiltis rialaithe ná luach na ró-íocaíochtaí a gearradh móide meastachán na Roinne ar luach na n-íocaíochtaí iomarcacha amach anseo a coisceadh. Dúirt an Roinn nach féidir luach na ró-íocaíochtaí a gearradh a imdhealú mar gheall ar chásanna athbhreithnithe anailíse ón tsuim iomlán.

**16.32** Shainaithin na seiceálacha uathoibríocha CFA in 2023 neamhréireanna acmhainne le fiosrú i mbreis agus 20,000 cás Liúntais Cuardaitheora Poist, Liúntais Cúramóra, agus Liúntais Míchumais (féach Fíor 16.7). Dúirt an Roinn go dtugtar tús áite do chásanna dá leithéid le fiosrú, agus gur fiosraíodh agus gur dúnadh 94% de na cásanna a sainaithníodh trí sheiceálacha CFA in 2023 faoi dheireadh na bliana.

**16.33** Rinneadh beagnach 25,000 fiosrúchán ar athbhreithniú anailíse CFA (lena n-áirítear roinnt acu a sainaithníodh le hathbhreithniú sna blianta roimhe sin) in 2023 i ndáil le ceithre scéim (féach Fíor 16.7). Rinne an Roinn taifead ar choigiltis rialaithe de bhreis agus €70 milliún i ndáil leis na fiosrúcháin ar athbhreithnithe anailíse CFA sin a dúnadh in 2023.

1 Gineadh formhór na n-athbhreithnithe anailíse críochnaithe in 2023. Is in 2022 a gineadh roinnt de na hathbhreithnithe a cuireadh i gcrích in 2023.


2 Is ionann méid na gcoigilteas rialaithe agus suim an luacha d'aon fhiachas ró-íocaíochta a gearradh móide meastachán na Roinne ar luach na n-íocaíochtaí iomarcacha amach anseo a coisceadh.

**16.34** B'ionann cásanna CFA agus breis agus trí cheathrú de na cásanna athbhreithnithe anailíse a rinneadh in 2023, leis an gcuid eile tosaithe trí ghnásanna anailíse eile (féach Fíor 16.8). Mar thoradh ar cheann as gach trí chás CFA a fiosraíodh, sainaithníodh coigiltis rialaithe. Ba é a haon as a sé an ráta aimsithe inchomparáide do na cásanna athbhreithnithe anailíse eile.

**16.35** Ó thaobh luacha de, b'ionann cásanna tionscanta CFA agus 85% de na coigiltis rialaithe a ghin cásanna athbhreithnithe anailíse in 2023. Ba é €8,500 meán na gcoigilteas rialaithe do chásanna dá leithéid. Bhí meán na gcásanna athbhreithnithe anailíse eile beagán níos airde, ag beagnach €10,000.

**16.36** Ar an iomlán, bíonn toradh níos mó agus meánluach níos airde na gcoigilteas rialaithe ag baint le cásanna athbhreithnithe anailíse nuair a chuirtear i gcomparáid leis an minicíocht agus le meánluach na gcoigilteas rialaithe measta iad ó athbhreithnithe eile.

**Fíor 16.8 Coigiltis rialaithe ó chásanna athbhreithnithe, 2023**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Áirítear leis sin 24,823 cás a sainaithníodh trí sheiceálacha CFA.

b Is féidir athbhreithnithe eile a thionscnamh ar roinnt cúiseanna, lena n-áirítear fógra faoi thosach fostaíochta, an t-am ón athbhreithniú deiridh, cásanna eastáit, tuarascálacha anaithnide, srl.

## Tionchar thabhairt isteach CFA ar phróiseas na Roinne agus ar éilitheoirí

**16.37** Is deacair an tairbhe iarbhír a bhaineann le tabhairt isteach rochtana ar CFA a chainníochtú, agus ní dhéanann an Roinn monatóireacht ná tomhas ar úsáid nó tionchar a leithéide. Mar sin féin, tá roinnt tosca ann a thugann le fios go raibh tionchar dearfach ag tabhairt isteach CFA ar an measúnú acmhainne agus ar na próisis um fhormheas agus athnuachan éileamh ó thaobh na héifeachtúlachta de, agus chun an t-ualach ar éilitheoirí leasa a laghdú.

### *Foirmeacha iarratais*


**16.38** Léiríonn agallaimh le foireann na Roinne i gcás na gcúig scéim shamplacha, maidir le faisnéis áirithe is gá chun measúnú a dhéanamh ar éilimh, nach n-iarrtar nó nach bhfaightear an fhaisnéis sin ón gcliant a thuilleadh ach go díreach ó CFA. Chuir an fhoireann imscrúdúcháin foirmeacha iarratais agus riachtanais faisnéise le haghaidh na scéimeanna a bhíodh in úsáid roimh 2019 i gcomparáid leis na foirmeacha atá i bhfeidhm i láthair na huaire.

**16.39** Cé gur cosúil gur beag athrú a tháinig ar na sonraí a iarrtar mar chuid de na príomhfhoirmeacha iarratais agus athnuachana, ní úsáidtear foirmeacha áirithe a thuilleadh. Go sonrach, foirmeacha ina n-iarrtar doiciméid P60 agus P45 (na Coimisinéirí Ioncaim) agus na duillíní pá is déanaí, ní sheoltar ná ní éilítear a thuilleadh iad. Thairis sin, ní iarrtar faisnéis ón bhfostóir a thuilleadh ná ní éilítear go bhfaigheadh an t-éilitheoir í mar chuid den phróiseas iarratais. Is féidir an fhaisnéis a fháil go díreach trí CFA, agus ar an mbealach sin laghdaítear an t-ualach ar éilitheoirí, agus méadaítear rúndacht an phróisis um éilimh.

### *Meántréimhse feithimh roimh bhronnadh*

**16.40** Sa tuarascáil *Faisnéis Staidrimh ar Sheirbhísí Leasa Shóisialaigh 2022* a d'fhoilsigh an Roinn, leagtar amach an mheántréimhse a imíonn thart (seachtainí) ó iarratas go bronnadh éilimh, de réir na scéime. I gcás scéimeanna áirithe, is féidir laghdú ar mheántréimhsí feithimh a fheiceáil i gcomparáid le 2019, arbh í an chéad bhliain d'oibriú chóras ÍMAT nuachóirithe í (féach Fíor 16.9). Cé gur dócha gur rannchuidigh CFA go mór leis an meán-am cinnidh a laghdú (go dtí bronnadh), ní féidir an tionchar ó thosca eile a d'fhéadfadh a bheith ina rannchuidiú a imdhealú, lena n-áirítear tionchair a bhaineann le Covid-19.

**Fíor 16.9 Meánlíon seachtainí go bronnadh éilimh, 2019 go 2023**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí — tuarascáil um Fhaisnéis Staidrimh ar Sheirbhísí Leasa Shóisialaigh 2022 agus tuarascálacha míosúla inmheánacha le haghaidh fhaisnéis 2023. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Tháinig an méadú in 2023 ar an scéim um Íocaíocht do Theaghlaigh i bhFostaíocht mar thoradh ar fheachtas tar éis athrú ar thairseacha na scéime.

### *An tAonad Anailísíochta Gnó*

**16.41** Mar atá thuasluaite, reáchtálann AAG seiceálacha tréimhsiúla chun aon neamhréir a shainaithint idir an fhaisnéis ón measúnú acmhainne atá ar fáil agus an fhaisnéis fíor-ama maidir le fostaíocht ar CFA le haghaidh scéimeanna áirithe. Sular tugadh isteach CFA, rinneadh an tseiceáil sin ar bhonn bliantúil trí chomhad a fuarthas ó na Coimisinéirí Ioncaim. Leis na seiceálacha anailíseacha níos minice a dhéantar faoi láthair, is féidir cuidiú chun an t-ualach ar éilitheoirí a laghdú toisc gur féidir difríochtaí idir sonraí a shainaithint níos túisce, rud a chuireann deiseanna ar fáil le haghaidh rannpháirtíocht níos tráthúla leis an Roinn, agus toisc go gcumasaítear athbhreithnithe níos spriocdhírithe.

### *Úsáid bhreise CFA*

**16.42** Leis an scéim sochair pá-choibhneasa atá le tabhairt isteach níos déanaí in 2024, nascfar íocaíocht cuardaitheora poist an éilitheora lena stair fostaíochta roimhe seo. Beidh trí ráta íocaíochta dhifriúla ann bunaithe ar ioncam roimhe seo agus stair ranníocaíochtaí ÁSPC. Tá sé beartaithe ag an Roinn CFA a úsáid chun stair fostaíochta agus meántuilleamh seachtainiúil éilitheoirí a sheiceáil lena dteidlíocht a chinneadh. Tá an Roinn i mbun plé leis na Coimisinéirí Ioncaim maidir le tuilleadh riachtanais úsáide don chóras fíor-ama chun tacú leis sin.

**16.43** Is teidlíocht a ndéantar tástáil ioncaim ina leith é an Liúntas Costas Laethúil d'éilitheoirí in ionaid chóiríochta ainmnithe.[1] Tá tástáil measúnaithe ioncaim tugtha isteach ag an Roinn d'éilitheoirí ar an Liúntas Costas Laethúil a mbeidh feidhm aici ó mhí an Mheithimh 2024. Mar thoradh air sin freisin tiocfaidh méadú ar éileamh agus úsáid na seirbhíse CFA.

## Conclúidí agus moltaí

**16.44** D'fhorbair na Coimisinéirí Ioncaim an córas CFA in 2019 ar mhaithe le rochtain dhíreach a thabhairt d'oifigigh na Roinne ar shonraí fostaíochta fíor-ama éilitheoirí agus a gcleithiúnaithe. Tá comhaontuithe agus beartais fhoirmiúla i bhfeidhm lena rialaítear úsáid an chórais, lena n-áirítear an comhaontú um chomhroinnt sonraí, an comhaontú seirbhíse teicniúil agus ciorcláin agus doiciméid phróisis inmheánacha.

**16.45** Leis an gcomhaontú seirbhíse leagtar amach sonraí maidir leis an méid úsáide agus na hamanna ar leith ar féidir leis na Coimisinéirí Ioncaim an fheidhmíocht is fearr a éascú agus a ráthú le haghaidh iarrataí sonraí na Roinne. Cé go bhfuil an leibhéal úsáide in aghaidh na bparaiméadar sin go hiomlán laistigh de na teorainneacha a leagtar amach sa chomhaontú seirbhíse, ní dhéanann an Roinn tomhas ná monatóireacht ar leibhéil úsáide. Tá an comhaontú seirbhíse teicniúil faoi athbhreithniú agus bheadh sé úsáideach an fhaisnéis sin maidir le húsáid agus sonraí a bheith ar fáil le gur féidir measúnú agus nuashonrú a dhéanamh ar na príomhghnéithe den chomhaontú.

**16.46** Ba cheart breithniú a dhéanamh freisin ar riachtanais úsáide mhéadaithe na Roinne, is riachtanais a eascraíonn as an scéim sochair pá-choibhneasa nua, agus ar na hathruithe ar an scéim Liúntais Costas Laethúil le linn an comhaontú seirbhíse nua a aontú.

1 Féach *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhíse Poiblí 2023*, caibidil 13, Rialtacht na n-íocaíochtaí leasa shóisialaigh.

**Moladh 16.1**

Ba cheart don Roinn breithniú a dhéanamh ar roghanna chun monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann sí as CFA in aghaidh théarmaí an chomhaontaithe seirbhíse. Ba cheart don Roinn próiseas inmheánach a fhorbairt chun an úsáid a bhaineann sí as CFA a thomhas agus dul i mbun plé leis na Coimisinéirí Ioncaim maidir leis an bhféidearthacht leas a bhaint as an bhfaisnéis arna taifeadadh faoi láthair. Bheadh an fhaisnéis sin úsáideach don Roinn le linn di an comhaontú seirbhíse a athnuachan agus breithniú a dhéanamh ar a riachtanais amach anseo.

**Freagra ó Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Coimirce Sóisialaí**

Aontaítear leis.

Déanfaidh an Roinn monatóireacht agus tuairisciú ar úsáid CFA in aghaidh théarmaí an Chomhaontaithe Seirbhíse. Tarmligeadh freagracht d'fhoireann an chórais lárnaigh um thaifid a bhíonn i dteagmháil le comhghleacaithe ó na Coimisinéirí Ioncaim i nglaonna coicísiúla teicniúla agus i nglaonna míosúla gnólacht le gnólacht.

Leis an rannpháirtíocht leanúnach ghnó agus theicniúil atá ar bun idir na Coimisinéirí Ioncaim agus an Roinn, is amhlaidh cheana féin a chumasaítear aon fhadhbanna a bhaineann leis an gcomhaontú seirbhíse a phlé. Amach anseo, leabófar CFA go foirmiúil mar mhír ar an gclár oibre sna cruinnithe tráthrialta sin idir an Roinn agus na Coimisinéirí Ioncaim.

**Amlíne le haghaidh Cur i bhFeidhm**

Cuireadh tús le comhairliúchán leis na Coimisinéirí Ioncaim i mí Mheán Fómhair 2024 agus pléifear an mhír ag cruinnithe coicísiúla as seo amach.

**16.47** Tháinig an córas CFA chun bheith ina sheiceáil agus ina rialú tábhachtach don phróiseas measúnaithe acmhainne ar bhonn aonair ar mhaithe le sonraí a mheaitseáil in aghaidh na sonraí a cuireadh ar fáil mar chuid d'iarratas nó athnuachan ar éileamh aonair, agus ar bhonn foriomlán mar chuid de thascanna bulc-uaslódála arna ndéanamh ag AAG chun cásanna a shainaithint lena n-imscrúdú.

**16.48** Is amhlaidh is leabaithe atá úsáid CFA i scéimeanna áirithe mar chuid den phróiseas measúnaithe acmhainne le haghaidh iarratais agus athnuachaintí ar éileamh aonair. Mar sin féin, ní thaifeadtar an réasúnaíocht gan faisnéis a fhíorú ag úsáid CFA, agus ó athbhreithniú ar an bhfaisnéis atá ar an gcomhad féadfaidh sé a bheith deacair an tionchar a bhí ag seiceáil CFA ar an gcinneadh foriomlán maidir leis an measúnú acmhainne a mheas.

**16.49** Rinneadh seiceálacha uathoibríocha le CFA a leabú i bpróiseas athnuachana na scéime um Íocaíocht do Theaghlaigh i bhFostaíocht, agus mar thoradh air sin is ann do thuilleadh éifeachtúlachtaí, agus cumasaíodh thart ar 30% d'athnuachaintí scéime a bhronnadh go huathoibríoch gan gá measúnú acmhainne iomlán a dhéanamh. Leis sin, laghdaítear an t-ualach ar an Roinn agus ar na héilitheoirí araon.

**Moladh 16.2**

Ba cheart don Roinn breithniú a dhéanamh ar an tseiceáil CFA uathoibríoch a leathnú (mar a úsáidtear sa scéim um Íocaíocht do Theaghlaigh i bhFostaíocht) chuig scéimeanna eile i gcás ina gceadaítear a leithéid leis an réimeas rialaithe agus le rialacha incháilitheachta na scéime.

**Freagra ó Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Coimirce Sóisialaí**

Aontaítear leis

Baineann struchtúr rialachais do gach tionscadal atá leagtha amach ar fheidhmiúlacht na scéime agus taithí an chustaiméara a fheabhsú, agus bíonn comhaltaí de Bhord Bainistíochta na Roinne ina gcathaoirligh ar na boird.

Tugann an Bord Bainistíochta agus an Oifig Tionscadal ardtosaíocht do d'úsáid CFA a bharrfheabhsú. Úsáidtear an CFA ar bhonn leanúnach ar fud scéimeanna na Roinne agus aontaítear gur cheart úsáid uathoibrithe a bhaint as i gcás inar féidir. Tá an Roinn tar éis dul i mbun tionscadail nuachóirithe ar fud cuid mhaith dá réimsí gnó. Mar chuid den tionscadal nuachóirithe, déantar breithniú ar úsáid mhéadaithe CFA agus uathoibrithe i gcás na scéimeanna uile a bheadh feiliúnach d'uathoibriú dá leithéid.

Mar shampla, tá an Roinn ag obair chun a scéimeanna fadtéarmacha a nuachóiriú i láthair na huaire (e.g. pinsin Stáit, scéimeanna míchumais/cúraim). Príomhábhar machnaimh atá in úsáid CFA ar mhaithe leis na scéimeanna sin a athdhearadh agus a nuachóiriú. Déanfaidh an fhoireann chéanna athbhreithniú ar na scéimeanna uile atá faoi shainchúram an tionscadail agus beidh úsáid mhéadaithe CFA chun tosaigh sa mhachnamh i gcás inarb ábhartha.

Thairis sin, tá an Roinn ag obair go dlúth le comhghleacaithe ó na Coimisinéirí Ioncaim chun CFA a leabú mar phríomhghné den chaoi a gcuirfear an scéim nua um shochar pá-choibhneasa do Chuardaitheoirí Poist i mbun oibríochta. Agus an struchtúr rialachais mar bhonn taca faoi na tionscadail sin, tá díriú soiléir ag gach scéim nua agus tionscadal nuachóirithe ar úsáid CFA a bharrfheabhsú.

**Amlíne le haghaidh Cur i bhFeidhm**

Ar bun.

**16.50** Leis an bpróiseas athbhreithnithe anailíse arna thabhairt faoi ag AAG, úsáidtear CFA chun cásanna a shainaithint lena n-athbhreithniú i gcás scéimeanna áirithe ina ndéantar measúnú acmhainne. Tá an próiseas sin éifeachtach maidir le cásanna a shainaithint lena n-imscrúdú, agus is amhlaidh a ghintear coigiltis rialaithe le cás amháin as gach trí chás a ndéantar athbhreithniú orthu. D'fhéadfaí athruithe ábhartha i dtuilleamh éilitheoirí a shainaithint go tapa leis agus cuirtear deiseanna ar fáil leis le haghaidh rannpháirtíocht níos tráthúla le héilitheoirí.

**16.51** Cé gur deacair an tionchar beacht a bhí ag tabhairt isteach CFA ar an bpróiseas measúnaithe acmhainne a chainníochtú, tá fianaise ann lena dtugtar le fios gur ann do thuilleadh éifeachtúlachtaí sa phróiseas measúnaithe acmhainne a bhuí leis, agus gurb amhlaidh a laghdaíodh an t-ualach ar éilitheoirí freisin.